Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 33

# Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

# Réamhra

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, tá ceanglas orm gach bliain cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoi réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cultúir, Oidhreachta agus an Ghaeltacht, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar íocaíocht fóirdheontas agus deontas áirithe.

Tá an táirgeacht chaiteachais curtha i gcomparáid leis na suimeanna

a) a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain agus
b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2018 as leithreasaí gan chaitheamh 2017 faoin socrú do ghéilleadh iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €2.102 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, cé is moite den mhéid seo a leanas:

***Luacháil sócmhainní***

Níl aon luacháil déanta ar mhaoine stairiúla ar leith amhail páirceanna náisiúnta ná sócmhainní oidhreachta amhail déantúsáin agus lámhscríbhinní.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 2% sa bhliain ar bhonn na líne dírí. Dímheastar Innealra agus Gléasra, trealamh Oifige agus TE agus troscán agus feistis a dhímheas ar bhonn na líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

- Innealra agus Gléasra, troscán agus feistis – 10%
- Trealamh Oifige agus TE – 20%

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas ar bith de rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe um Bhainistiú Seirbhíse idir an Roinn agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte do mo Roinn.

Mar seo a leanas atá an seasamh i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta in áit chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit leis na sócmhainní ar fad a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil arna gcoinneáil faoi athbhreithniú ag an bhainistíocht shinsearach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

San iomlán, tuairiscíodh ceithre shocruithe soláthair faoi Chiorclán 40/02 i 2018 le luach iomlán de €412,729. Tá siad briste síos mar seo a leanas

- Bhain dhá chonradh de luach €124,419 le conarthaí nach raibh an gnáthnós imeachta tairisceana oiriúnach ina leith. Bhain ceann de na conarthaí sin (€58,419) le seirbhísí agus soláthairtí móna don Roinn agus nach raibh ach aon eagraíocht amháin ann a raibh an t-eolas, scileanna agus taithí ábhartha acu sa réimse seo chun na hearraí agus na seirbhísí seo a sholáthar. Maidir leis an gconradh eile (€66,000), breithníodh nach raibh ach aon eagraíocht amháin ann a raibh an cumas, scileanna agus taithí riachtanach aici chun clár cuimsitheach náisiúnta a sholáthar a bhí ag teastáil do imeachtaí agus poiblíocht na hOíche Chultúir ar leith.

- Dhá chonradh de luach €288,310 a shíneadh thar dháta bunaidh an chonartha i ndálaí ar leith agus tá bearta déanta le cinntiú go bhfuil conarthaí nua ann anois do na seirbhísí seo.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an coiste iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agamsa, agus an an gCoiste Iniúchóireachta. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaíonn mise, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta Inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in áit agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, agus leis an gcóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisiú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le dul I ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid id féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit ina sainaithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh an Roinn aghaidh a thabhairt orthu, agus sainaithníodh na rioscaí sin agus rinneadh measúnú agus grádú orthu de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an g dclár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh i ndáil le hacmhainní agus iad a leithdháileadh d’fhonn a cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal atá inghlactha.

Leagtar amach sa chlár rioscaí na bearta rialaithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na mbearta rialaithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, in am cuí. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na bearta rialaithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar feidhmiú na bpriomhbhearta sin agus chun tuairisciú a dhéanamh faoi aon easnamh a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach sa Roinn le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar cúis le caillteanas ábhartha.

**Caitríona Ní Liacáin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

26 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Faoiseamh cánach ar léiriú scannán*

Scrúdaítear i gCaibidil 18 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2018 faoiseamh cánach ar léiriú scannán, a bhfuil freagrachtaí ar an Roinn ina leith.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

# Vóta 33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Na healaíona, cultúr agus scannán | | 167,301 | 163,334 | 158,958 |
| B | Oidhreacht | | 47,146 | 49,258 | 51,337 |
| C | An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hoileáin | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 48,567 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 700 | | | |
| | | | 49,267 | 48,499 | 47,955 |
| D | Comhoibriú Thuaidh-Theas | | 39,945 | 41,220 | 41,356 |
| | Ollchaiteachas | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 302,959 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 700 | | | |
| | | | **303,659** | **302,311** | **299,606** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **4,200** | **5,654** | **5,468** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 298,759 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 700 | | | |
| | | | **299,459** | **296,657** | **294,138** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlan fheidhmithe dlite i gcomhair géillte don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasuithe do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn. Is é €700,000 an leithdháileadh gan chaitheamh maidir le heilimintí caipitil de Fho-mhírcheann C.3 a tugadh ar aghaidh go dtí 2019.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 2,801,863 | 3,844,590 |
| Géilleadh iarchurtha | (700,000) | (700,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,101,863** | **3,144,590** |

**Caitríona Ní Liacáin**

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

26 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | 264,776 | 264,460 |
| Pá | | 32,645 | 30,091 |
| Neamhphá | | 4,890 | 5,055 |
| **Ollchaiteachas** | | **302,311** | **299,606** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,654** | **5,468** |
| **Glanchaiteachas** | | **296,657** | **294,138** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead ceannacháin | (2,239) | | |
| Dímheas | 1,280 | | |
| Diúscairtí airgid tirim | 7 | | |
| | | (952) | (2,867) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 1,773 | | |
| Méadú ar stoc | (21) | | |
| | | 1,752 | 33,682 |
| **Caiteachas díreach** | | **297,457** | **324,953** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 20,235 | 16,688 |
| Measchíosanna | | 775 | 733 |
| **Costas chláir ghlan** | | **318,467** | **342,374** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 33 a iompraíodh in áit eile, glan de chostais sheirbhísí chomhroinnte leithroinnte ar Vótaí eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 60 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 10,257 | 10,822 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 9,153 | 4,937 |
| Vóta 18 Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Chomhroinnte | 91 | 121 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 503 | 608 |
| Príomhchiste - Pinsin Airí | 171 | 170 |
| | **20,235** | **16,688** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **60,504** | **59,552** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 3,217 | 6,183 |
| Stoic | 2.4 | 343 | 322 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,826 | 3,122 |
| Ioncam fabhraithe | | 117 | 94 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 2,595 | 383 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 8,098 | 10,104 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,097 | 597 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 4,155 | 5,027 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 1,657 | 1,539 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 6,909 | 7,163 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,189 | 2,941 |
| **Glansócmhainní** | | **61,693** | **62,493** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú an Stáit** | 2.1 | **61,693** | **62,493** |

### 2.1 Cuntas maoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 62,493 | 93,279 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mhastacháin | Cuntas | 299,459 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (700) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,102) | | |
| Vóta glan | | | 296,657 | 294,138 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 20,235 | 16,688 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosíonna | 1 | | 775 | 733 |
| – sócmhainn sheasta | | | — | 29 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (318,467) | (342,374) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **61,693** | **62,493** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Fearais agus innealra | Trealamh oifige agus TF[a] | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsocmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 56,136 | 8,160 | 9,951 | 4,370 | 78,617 |
| Breiseanna | 1,509 | 153 | 542 | 35 | 2,239 |
| Aistrithe amach | — | — | (1) | — | (1) |
| Diúscairtí | — | (403) | (158) | (94) | (655) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 57,645 | 7,910 | 10,334 | 4,311 | 80,200 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 1,547 | 6,204 | 8,601 | 2,713 | 19,065 |
| Táille dhímheasa don bhliain | 373 | 375 | 437 | 95 | 1,280 |
| Dímheas ar aistrithe | — | — | (1) | — | (1) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (402) | (158) | (88) | (648) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 1,920 | 6,177 | 8,879 | 2,720 | 19,696 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **55,725** | **1,733** | **1,455** | **1,591** | **60,504** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2017 | 54,589 | 1,956 | 1,350 | 1,657 | 59,552 |

Nóta [a] Cuireann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil seirbhís bainistithe TFC ar fáil do shócmhainní TFC an Rannáin Oidhreachta thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá siad cláraithe ar chlár sócmhainní na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá sceideal de na sócmhainní curtha le chéile ag an Roinn sa chás go mbeadh gá sócmhainní a aistriú amach anseo.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | 3,058 | 5,989 |
| Cuntais bhainc tráchtála [a] | 159 | 194 |
| | **3,217** | **6,183** |

Nóta [a] Áiríonn iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála €119,423 i 2018 (2017: €172,120) i ndáil le cuntais bhainc tráchtála a fheidhmíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | 87 | 90 |
| Breoslaí agus leasacháin | 28 | 23 |
| Stáiseanóireacht | 27 | 32 |
| Tomhaltáin trealaimh | 6 | 3 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 11 | 9 |
| Tomhaltáin TF | 57 | 37 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 55 | 62 |
| Beostoc | 72 | 66 |
| | **343** | **322** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ciste Comhshaoil | 1,354 | 256 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 54 | 69 |
| Aran LIFE [a] | 84 | — |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 1,103 | 58 |
| | **2,595** | **383** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 438 | 483 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 262 | 295 |
| Cáin Iarchoimeádta Sheirbhísí Gairmiúla | 220 | 283 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | — | 4 |
| Cáin Bhreisluacha | 157 | 256 |
| Asbhaintí pinsin | 14 | 13 |
| | 1,091 | 1,334 |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 207 | 321 |
| Aran LIFE [a] | — | 506 |
| Kerry LIFE [a] | 1,196 | 647 |
| Tionscadal LIFE na bPortach Ardaithe | 1,448 | 2,006 |
| Eile | 213 | 213 |
| | **4,155** | **5,027** |

Nóta [a] Tugann an AE tacaíocht do thionscadail, comhshaoil, caomhantais nádúir agus gníomhaithe ar son na haeráide san AE le clár LIFE. Is é an chuspóir ghinearálta atá ag clár LIFE cúnamh a sholáthar chun reachtaíocht agus polasaithe comhshaoil an AE a chur chun feidhme, a nuashonrú a fhorbairt trí tionscadail thrialacha nó thaispeána a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo a chómhaoiniú.

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 2,102 | 3,144 |
| Géilleadh iarchurtha | 700 | 700 |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (1,145) | (2,305) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **1,657** | **1,539** |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 3,217 | 6,183 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,595 | 383 |
| | 5,812 | 6,566 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,091) | (1,334) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (3,064) | (3,693) |
| | (4,155) | (5,027) |
| | **1,657** | **1,539** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Scéim um Chúitimh Móna | 22,625 | 24,247 |
| Oileáin | 19,398 | 17,825 |
| Scéimeanna tacaíochta gaeltachta | 4,794 | 3,192 |
| Deontais forbartha cultúir ACCESS | 5,669 | 6,220 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 6,532 | 6,250 |
| Tionscadail chaipitil ealaíon eile | 16,550 | 13,573 |
| Ionad Imeachtaí Chorcaí | 11,000 | 11,000 |
| Oidhreacht Nádúrtha (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 888 | 1,198 |
| Chathair Chultúir na hEorpa | 14,100 | — |
| Deontais Chultúr Éireann | 3,257 | 1,234 |
| Deontais eile | 2,139 | 34 |
| Seirbhísí agus earraí a sholáthar | 1,746 | 570 |
| Iomlán na gceangaltas atá in-fhorghníomhaithe le dlí | **108,698** | **85,343** |

**Athrúcháin Shunstasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás ina bhfuil méadú nó laghdú níos mó ná €500,000 ó 2017 go 2018 ar cheangaltas.

**Fo-mhírcheann**

*An Scéim um Chúiteamh Móna*

De bhrí gur in 2011 a thosaigh an scéim seo, tá an líon blianta atá fágtha a gcaithfear iarratasóirí a íoc ag laghdú ó bhliain go bliain

*Oileáin*

Bhain an méadú €1.573 milliún ar fhigiúr na gCeangaltas le conarthaí nua a bronnadh chun seirbhísí iompair a sholáthar do na hOileáin.

*Scéimeanna tacaíochta gaeltachta*

Bhain an méadú €1.602 milliún i gceangaltas go príomha le maoiniú breise a ceadaíodh faoi Scéim na gCúntóirí Teanga agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

*Deontais Forbartha Cultúir ACCESS*

Bhain an laghdú €551,000 ar cheangaltais go príomha le gur tharraing Comhairle Chontae Chill Chainnigh anuas maoiniú a bhain le Gailearaí Butler i rith 2018.

*Tionscadail chaipitil ealaíon eile*

Bhain an méadú €2.977 milliún ar cheangaltais go príomha le cur i bhfeidhm scéim deontais Chiste Náisiúnta Éire Ildánach i 2018.

*Chathair Chultúir na hEorpa*

Gheall an Roinn €14.1 milliún caiteachais i leith an imeachta Chathair Chultúir na hEorpa a bheidh ar bun i gCathair na Gaillimhe sa bhliain 2020.

*Deontais Chultúr Éireann*

Bhain an méadú €2.023 milliún ar cheangaltais go príomha le deontais a ceadaíodh faoi bhabhta deontas Fhómhar na bliana 2018 i ndáil le himeachtaí atá ar siúl sa bhliain 2019.

*Deontais eile*

Bhain an méadú €2.105 milliún ar cheangaltais go príomha le bearta nua a tugadh isteach chun tacú tuilleadh leis na bpróiseas pleanála teanga.

*Soláthar seirbhísí agus earraí*

Bhain an méadú €1.176 milliún ar cheangaltais go príomha le maoiniú breise a cuireadh ar fáil do bhearta caomhnaithe portach.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár scaoileadh ag dheireadh na bliana | 21 | 28 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a bhféadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu, ag brath ar thoradh na dlithíochta sin. Níltear cinnte faoi méid iarbhír dliteanais a d’fhéadfadh a bheith i gceist ná nuair a bheadh siad i gceist.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 31,225 | 32,645 | 30,091 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,428 | 1,154 | 1,216 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 987 | 785 | 792 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 610 | 361 | 491 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,986 | 1,855 | 1,886 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 775 | 735 | 670 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithní the ar luach ar airgead agus ar pholasaí. | 100 | — | — |
| | | **37,111** | **37,535** | **35,146** |

**Athrúchcháin shuntasacha**

Rinneadh caiteachas riaracháin a chionroinnt ar na cláir chun costais iomlána clár a chur i láthair. Leagtar amach ina dhiaidh seo na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*Iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €610,000, táirgeacht: €361,000

Ba mar thoradh ar bearta éifeachtúla riaracháin ó bainistíocht cúramach ar sheirbhísí poist agus teilechumarsáide a tharla an coigealtas.

*vii* *Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas.*

Soláthar mheastacháin: €100,000, táirgeacht: €Nil

Ba mar thoradh ar an mbeartas a glacadh caiteachas a choinneáil chomh íseal agus is féidir mar gheall ar bhrú buiséid a tharla an coigilteas.

## Clár A Na healaíona, cultúr agus scannán

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 6,560 | 6,498 | 5,990 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,368 | 1,376 | 1,337 |
| A.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | 40 | 38 | 32 |
| A.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | 1,616 | 1,224 | 1,162 |
| A.5 | Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford (nóta 7.1) | 12,570 | 12,837 | 11,711 |
| A.6 | Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | 11,550 | 10,937 | 10,222 |
| A.7 | Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | 10,400 | 7,449 | 7,407 |
| A.8 | Cultúr Éireann | 4,000 | 4,136 | 3,682 |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 68,213 | 68,213 | 65,150 |
| A.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | 13,546 | 13,546 | 12,881 |
| A.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 7,563 | 7,563 | 7,293 |
| A.12 | Bord Scannán na hÉireann | 18,022 | 18,022 | 16,987 |
| A.13 | Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | 10,002 | 10,002 | 9,394 |
| A.14 | Cathair Chultúir na hEorpa | 1 | 650 | — |
| A.15 | Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | 850 | 843 | 5,710 |
| A.16 | Ionad Imeachtaí Chorcaí | 1,000 | — | — |
| | | **167,301** | **163,334** | **158,958** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €3.967 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Ba mar thoradh orthu seo a leanas den chuid is mó é seo:

*A.4 Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta*

Soláthar mheastacháin: €1.616 milliún, táirgeacht: €1.224 milliún

Tharla coigilteas de €392,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc go príomha nár déanadh dul chun cinn le Tionscnamh na gCartlanna Náisiúnta chomh tapa agus a bhí súil leis.

*A.6 Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha*

Soláthar mheastacháin: €11.55 milliún, táirgeacht: €10.937 milliún

Tharla coigilteas de €613,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a rabhthas ag súil leis ar dtús, le líon áirithe tionscadal.

*A.7 Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha*

Soláthar mheastacháin: €10.4 milliún, táirgeacht: €7.449 milliún

Tharla coigilteas €2.951 milliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a rabhthas ag súil leis ar dtús ar líon áirithe tionscadal agus Ionad Ealaíon Loch Garman agus an Scéim Digitithe Cultúir ina measc.

*A.14 Cathair Chultúir na hEorpa*

Soláthar mheastacháin: €1,000, táirgeacht: €650,000

Rinneadh maoiniú a aistriú ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le dul i ngleic le caiteachas a tháinig chun cinn faoin fho-mhírcheann seo i 2018.

*A.16 Ionad Imeachtaí Chorcaí*

Soláthar mheastacháin: €1 milliún, táirgeacht: €Nil

Tharla an coigilteas de €1 mhilliún i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc nach raibh an t-údarás conarthach in ann an conradh tógála a thabhairt chun críche i rith 2018. Mar thoradh ar sin, níor ghá aon mhaoiniú caipitil a tharraingt síos i rith na bliana.

## Clár B Oidhreacht

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 19,653 | 21,386 | 19,748 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 2,696 | 1,585 | 1,839 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,377 | 6,472 | 5,904 |
| B.4 | Oidhreacht thógtha | 3,038 | 2,868 | 2,947 |
| B.5 | Oidhreacht nádúrtha (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 11,982 | 13,959 | 17,104 |
| B.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | 400 | 400 | 400 |
| B.7 | Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha | 2,000 | 1,973 | 3,281 |
| B.8 | Athchóiriú agus bainistiú tailte móna | 1,000 | 615 | 114 |
| | | **47,146** | **49,258** | **51,337** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina, iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €2.112 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Seo a leanas ba chúis leis an difríocht sin den chuid is mó:

*B.2 Riarachán – neamhphá*

Soláthar mheastacháin: €2.696 milliún, táirgeacht: €1.585 milliún

Tharla an coigilteas de €1.111 milliún i gcoibhneas le soláthair an mheastacháin de bharr chaiteachais i réimsí Trealamh Oifige agus TF a bheith níos ísle ná mar a bhí súil leis. Déantar faireachán ar chaiteachas sna réimsí seo go gníomhach chun ioschostais a chinntiú.

*B.4 Oidhreacht thógtha*

Soláthar mheastacháin: €3.038 milliún, táirgeacht:€2.868 milliún

Tharla coigilteas de €170,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr nach ndearnadh dul chun cinn chomh tapa agus a rabhthas ag súil leis ar dtús le líon áirithe tionscadal oibre.

*B.5 Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)*

Soláthar mheastacháin: €11.982 milliún, táirgeacht:€13.959 milliún

Thug an caiteachas breise €1.977 milliún a aistríodh ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe deis don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta níos mó a infheistiú i mbearta caomhantais portach, i gcomhthéacs dul chun cinn ar phortaigh ardaithe agus leanúint le bearta a leathnú i dtaca le bratphortaigh agus portaigh i limistéir náisiúnta oidhreachta, chomh maith le maith a dhéanamh de ghealltanais faoin Scéim Cúitimh um Chosc de Bhaint Mhóna.

*B.8 Athchóiriú agus bainistiú tailte móna*

Soláthar mheastacháin: €1 milliún, táirgeacht: €615,000

Tharla coigilteas de €385,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr nach ndearnadh dul chun cinn mar a bhí súil leis ar dtús ar bheartais athchóirithe molta ar shuíomhanna áirithe do 2018.

## Clár C An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus Oileáin

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | 3,898 | 3,478 | 3,172 |
| C.2 | Riarachán – peamhphá | | 1,125 | 1,023 | 1,017 |
| C.3 | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | | 8,712 | 8,180 | 8,465 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 4,582 | 4,230 | 4,014 |
| C.5 | An CoimisinéirTeanga | | 738 | 747 | 729 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta - riarachán | | 9,237 | 9,637 | 8,958 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas chláir reatha | | 3,350 | 3,350 | 3,250 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | | 7,000 | 7,638 | 8,957 |
| C.9 | Oileáin | | | | |
| | Bunaidh | 7,275 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 700 | 7,975 | 8,211 | 7,964 |
| C.10 | An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 | | 2,650 | 2,005 | 1,429 |
| | | | **49,267** | **48,499** | **47,955** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €768,000 níos lú ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Tharla an difríocht seo de bharr seo a leanas go príomha:

*C.3 Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta*

Soláthar mheastacháin: €8.712 milliún, táirgeacht: €8.180 milliún

Tharla coigilteas de €532,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr líon áirithe de thionscnaimh nach ndearnadh dul chun cinn mar a bhí beartaithe ar dtús.

*C.4 Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)*

Soláthar mheastacháin: €4.582 milliún, táirgeacht: €4.23 milliún

Tharla coigilteas de €352,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr nach ndearnadh dul chun cinn mar a bhí beartaithe ar thionscnamh caipitil Scéim na n-Ionad Gaeilge Lasmuigh den Ghaeltacht.

*C.8 Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh*

Soláthar meastacháin: €7 milliún, táirgeacht: €7.638 milliún

Aistríodh maoiniú ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a thug deis don Roinn infheistiú a dhéanamh i níos mó tionscnamh le hÚdarás na Gaeltachta.

*C.10 An straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010 – 2030*

Soláthar meastacháin: €2.650 milliún, táirgeacht: €2.005 milliún

Tharla an coigilteas de €645,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin toisc gur ghlac dul chun cinn na bpleananna teanga go dtí céim cur chun feidhme níos mó ama ná mar a bhí súil leis ar dtús.

## Clár D Comhoibriú Thuaidh-Theas

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 1,114 | 1,283 | 1,181 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 697 | 906 | 862 |
| D.3 | An Foras Teanga | 14,028 | 13,325 | 13,508 |
| D.4 | Uiscebhealaí Éireann | 24,106 | 25,706 | 25,805 |
| | | **39,945** | **41,220** | **41,356** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €1.275 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Ba de bharr seo a leanas go príomha é seo.

*D.2* Riarachán – neamhphá

Soláthar mheastacháin: €697,000, táirgeacht: €906,000

Tharla an méadú de €209,000 i gcoibhneas le soláthar an mheastacháin de bharr caiteachais níos airde i réimse Costais Áitreabh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF ná mar a bhí beartaithe.

*D.3 An Foras Teanga*

Soláthar mheastacháin: €14.028 milliún, táirgeacht: €13.325 milliún

Tharla an coigilteas de €703,000 i gcoibhneas soláthar an mheastacháin de bharr nach ndearnadh dul chun cinn le roinnt tionscnamh chomh tapa agus a bhí beartaithe ar dtús, gluaiseachtaí malairt airgeadra fabhracha agus cnapshuimeanna pinsin go raibh súil leo nár tharla i 2018.

*D.4* Uiscebhealaí Éireann

Soláthar mheastacháin: €24.106 milliún, táirgeacht: €25.706 milliún

Leis an gcaiteachas breise €1.6 milliún, a aistríodh ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bhí Uiscebhealaí Éireann ábalta forbairtí tábhachtacha bonneagair a chur i bhfeidhm chomh maith le tionscadail bainistithe loingseoireachta.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | An Chartlann Náisiúnta | 40 | 38 | 34 |
| 2 | Fáltais ilghnéitheacha | 880 | 1,274 | 1,225 |
| 3 | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean ar cíos srl.) | 100 | 144 | 188 |
| 4 | Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 457 | 1,283 | 1,228 |
| 5 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 2,723 | 2,915 | 2,793 |
| | **Iomlán** | **4,200** | **5,654** | **5,468** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €1.454 milliún níos mó ná an meastachán. Tá míniúcháin ar athrúcháin leagtha amach thíos.

*2 Fáltais ilghnéitheacha*

Soláthar mheastacháin: €880,000, táirgeacht: €1.274 milliún

Tharla an difríocht de €394,000 de bharr fáltais phinsin níos airde ó ghníomhaireachtaí.

*4 Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra*

Soláthar mheastacháin: €457,000 táirgeacht: €1.283 milliún

Tharla an difear de €826,000 de bharr leibhéal na bhfáltas a bheith níos airde sna páirceanna náisiúnta, ag léiriú líon mhaith turasóirí ag na háiseanna seo.

5 *Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí*

Soláthar mheastacháin: €2.723 milliún, táirgeacht: €2.915 milliún

Tharla an difear de €192,000 de bharr leibhéal níos airde fáltais asbhaintí bainteach le pinsean ó ghníomhaireachtaí ná mar a bhí súil leo.

## 4.2 Fáltais bhreise Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 2 | 4 |
| Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta | 4 | 2 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (2) | (4) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **4** | **2** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | | |
| Roinn | 615 | 619 |
| Gníomhaireachtaí | 1,087 | 1,079 |
| | **1,702** | **1,698** |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 73,989 | 69,037 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 62 | 56 |
| Liúntais eile | 1,105 | 1,011 |
| Ragobair | 1,355 | 1,305 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,646 | 5,929 |
| **Pá iomlán** | **83,157** | **77,338** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 45 | 4 | 12,743 | 12,494 |
| Liúntais eile | 598 | 21 | 19,585 | 19,585 |
| Ragobair | 568 | 20 | 32,188 | 16,450 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 446 | 66 | 33,128 | 23,437 |

Tá na sonraí i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin a chuireann na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach amháin.

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Athfhostaíodh triúr státseirbhíseach atá ar scor agus atá ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán de €2,710. Bhí na híocaíochtaí comhseasmhach le prionsabail an Achta Seirbhís Poiblí (Scéim Aonair agus Soláthairtí eile) 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é €61,606 na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana i leith 28 duine (2017: €44,275, 51 duine). As seo, tá pleananna aisghabhála in áit do €15,597 i leith cúigear (2017: €12,940, aon duine dhéag).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón gCrannchuir Náisiúnta

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhírcheann** | **Míniú** | | | |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta | 68,213 | 68,213 | 65,150 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)) | 6,377 | 6,472 | 5,904 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,582 | 4,230 | 4,014 |
| | | **79,172** | **78,915** | **75,068** |

Tá liosta iomlán na ndeontaithe ar fáil faoi fho-mhírcheann C.4 ar shuíomh idirlín an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## 6.2 Costais dlí agus cúitimh

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a damhadh | Costais dlí a damhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ó: | | | | | | |
| fhostaithe na Roinne | 2 | 1 | 36 | — | 37 | 11 |
| bhaill an phobail | 11 | 9 | 122 | 20 | 151 | 226 |
| | | **10** | **158** | **20** | **188** | **237** |

## 6.3 Cailliúint sócmhainní oidhreachta

Tá an t-imhsrúdúchán a thosaigh An Garda Síochána sa bhliain 2012 maidir le roinnt ítimí a bhí coinnithe i stóráil phríobháideach thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus a chuaigh ar iarraidh fós ar bun. Níor deineadh aon athrú ar na figiúirí a taifeadadh i Nóta 2.2 go mbeidh imscrúdúchán na nGardaí tugtha chun críche.

## 6.4 Scéim Cúitimh um Scor de Bhaint Mhóna

Rinne an Roinn 2,806 íocaíocht i 2018 (2017: 2,860) ar luach €4,382,624 (2017: €4,604,000) ar an iomlán i leith na Scéime Cúitimh um Scor de Bhaint Mhóna. De sin, rinneadh 373 íocaíocht ar luach €612,366 ar an iomlán a mhaoiniú faoi Fho-mhírcheann B.5 Oidhreacht Nádúrtha (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) (2017: 1,367 íocaíocht, luach €2,298,500 ar an iomlán). Rinneadh na híocaíochtaí eile, 2,433 íocaíocht nó €3,770,258 ar an iomlán, a íoc trí chuntas fionraí arna mhaoiniú ag an gCiste Comhshaoil (2017: 1,493 íocaíocht, luach €2,305,500 ar an iomlán).

# Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

## 7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheoláras Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 5,858 | 5,143 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,695 | 2,521 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2,829 | 2,709 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,455 | 1,338 |
| | **12,837** | **11,711** |

## 7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht i 1997, le húsáid do thionscadal a bhain le liostú, micreascannánú agus foilsiú thaifid Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1815 - 1853. Baineann an táille ar an gciste le costais chaomhantais agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 321 | 377 |
| Fáltais | — | 50 |
| Íocaíochtaí | (114) | (106) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **207** | **321** |

## 7.3 Ráiteas iasachtaí le haghaidh tithíocht Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir** | | 185 | 183 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | | 4 | 4 |
| Díscríobh úis | | (1) | — |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Príomhshuim | (3) | | |
| Ús | (1) | (4) | (2) |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | | **184** | **185** |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu

Bainistíonn an Roinn sé láthair páirce náisiúnta faoi láthair, is é sin

Páirc Náisiúnta Baile Chruaich
Páirc Náisiúnta Bhoirne
Páirc Náisiúnta Chonamara
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Páirc Náisiúnta Chill Airne
Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

# Aguisín B Cuntais do comhlachtaí faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Aire ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail deireadh Mhárta 2019, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste/Forais na Roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheiridh | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta faighte ag an Aire/ Roinn | Dáta curtha faoi bhráid an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 2017 | 19 Noll 2018 | 2 Ean 2019 | — |
| Leabharlann Chester Beatty | 2017 | 18 Meith 2018 | 15 Lún 2018 | 14 Samh 2018 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2017 | 29 Meith 2018 | 13 Iúil 2018 | 5 DF 2018 |
| Áiléar Crawford | 2017 | 16 DF 2018 | 14 Samh 2018 | 17 Ean 2019 |
| An Chomhairle Ealaíon | 2017 | 26 Meith 2018 | 26 Iúil 2018 | 12 DF 2018 |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | 2017 | 4 DF 2018 | 26 Samh 2018 | 14 Feabh 2019 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 2017 | 27 Samh 2018 | 14 Noll 2018 | 28 Feabh 2019 |
| Bord Scannán na hÉireann [a] | 2017 | 13 Noll 2018 | 3 Feabh 2019 | — |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 2017 | 21 Noll 2018 | 1 Feabh 2019 | — |
| An Chomhairle Oidhreachta | 2017 | 20 Noll 2018 | 1 Feabh 2019 | — |
| Údarás na Gaeltachta | 2017 | 19 Noll 2018 | 21 Noll 2018 | 30 Ean 2019 |
| Foras Teanga | 2017 | 19 Noll 2018 | — | — |
| Uiscebhealaí Éireann | 2017 | 28 MF 2018 | 16 Samh 2018 | 18 Noll 2018 |
| An Coimisínéir Teanga | 2017 | 18 Noll 2018 | 4 Ean 2019 | 28 Feabh 2019 |

Nóta [a] Rinneadh ainm Bhord Scannán na hÉireann a athrú go Fís Éireann ar 18 Meitheamh 2018 faoi Achtanna Scannán na hÉireann 1980-2011 le IR uimh.182 de 2018.